C/2026/5945

9.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12588 — IGNIS P2X / ACCIONA DATA CENTERS / ACCIONA DESARROLLOS Y PROYECTOS RENOVABLES / IGNIS DATA EPTA AND ESTRIBO SOLAR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5945)

1. An 28 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— IGNIS P2X, S.L. ('IGNIS P2X', an Spáinn), faoi rialú comhpháirteach Ghrúpa IGNIS ('Ignis', an Spáinn) agus KKR & Co. Inc. ('KKR & Co.' agus in éineacht lena fochuideachtaí, 'KKR', na Stáit Aontaithe),

— Acciona Data Centers, S.L. ('ADC', an Spáinn), faoi rialú Acciona, S.A. ('Acciona', an Spáinn) agus,

— Acciona Desarrollos y Proyectos Renovables, S.L. ('ADPR', an Spáinn), faoi rialú Acciona.

Gheobhaidh P2X agus Acciona (trí ADC agus ADPR, faoi seach) rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar IGNIS DATA EPTA, S.L.U. ina iomláine. ('SPV DC', an Spáinn) agus ESTRIBO SOLAR, S.L.U. ('SPV PV', an Spáinn).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Spáinneach é IGNIS P2X atá gníomhach i bhforbairt tionscadal tionsclaíoch dianfhuinnimh a chumhachtaítear le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear lárionaid sonraí agus saoráidí hidrigine glaise, agus is comhfhiontar é atá faoi úinéireacht indíreach Ghrúpa IGNIS agus cistí infheistíochta, feithiclí agus/nó cuntais arna gcomhairliú agus arna mbainistiú ag fochuideachtaí éagsúla de KKR,

— Tá ADC gníomhach i bhforbairt, tógáil agus oibriú lárionad sonraí, agus i soláthar seirbhísí gaolmhara lárionad sonraí amach anseo,

— Tá ADPR gníomhach i bhforbairt, tógáil agus oibriú tionscadal fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear feirmeacha gréine, feirmeacha gaoithe agus saoráidí stórála fuinnimh.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó SPV DC agus SPV PV lárionad sonraí a fhorbairt, a thógáil, a chur chun cinn, a thráchtálú agus a oibriú in Segovia na Spáinne (i gcás SPV DC), agus gléasra fótavoltach a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú (i gcás SPV PV) lena soláthrófar an fuinneamh a theastaíonn ó SPV DC.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12588 — IGNIS P2X / ACCIONA DATA CENTERS / ACCIONA DESARROLLOS Y PROYECTOS RENOVABLES / IGNIS DATA EPTA AND ESTRIBO SOLAR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË